

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

12636/25

**FIN 1052
INST 252
PE-L 27**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025 – Formheas – Formheas litreach

1. An 27 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra Uimh. DEC 11/2025 le haghaidh aistriú leithreasuithe maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (EGF/2025/001 BE/BelGan)¹, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais².
2. Mar a taifeadadh in 12250/25, is é is cuspóir don togra sin EUR 0.9 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a aistriú ó Airteagal 30 04 02 (*Cúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*) go hAirteagal 16 02 02 (*an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*).

¹ 12247/25.

² Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Meán Fómhair 2025.
5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:
 - an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 12250/25 é;
agus
 - an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtarán,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024¹, cuirim in iúl duit leis seo gur fhorghéar an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).